**RABHADH**

**Ná déan dearmad an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar, nó caillfear marcanna.**

Scríobh do Scrúduimhir anseo:

| |
|---|
| |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2011**

## TÍREOLAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

## ROINN 1 – FILLTEÁN (60 marc)

**DÉ hAOINE, 10 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 - 11.30**


**NÓTA: TÁ ROINN 2 DEN SCRÚDÚ SEO AR PHÁIPÉAR AR LEITHLIGH**

**ROINN 1 (60 MARC)**

Freagair **GACH** ceist.
Tá rogha agat laistigh de 4 cheist.
Déan deimhin de go dtugann tú an fillteán seo ar ais in éineacht le do fhreagarleabhar.
Mura ndéanfaidh tú sin, caillfidh tú marcanna.

## 1. BOLCÁIN

Is é a thugtar ar an gcarraig leáite a scaoiltear amach ar an dromchla as bolcán le linn brúchta, agus a thaispeántar ag **X** ar an léaráid seo ná:





Magma ☐

Luaithreamhán bolcánach ☐

Laibhe ☐

[cuir tic ✓sa bhosca ceart]

## 2. PLÁTAÍ




Taispeánann an léaráid thuas dhá cheann de phlátaí screimhe an domhain i mbun imbhuailte.

An ghné a thaispeántar ag **X** ná:


Droim Lár-Aigéin ☐

Fillsliabh ☐

An Maintlín ☐

[cuir tic ✓sa bhosca ceart]

3. **CARRAIGEACHA**




Uaireanta úsáidtear an charraig i bhfótagraf **A** chun cuntair oibre cistine cosúil leis siúd a thaispeántar i bhfótagraf **B** a dhéanamh.

Is é a thugtar uirthi ná:

Aolchloch ☐

Basalt ☐

Eibhear ☐

[cuir tic ✓sa bhosca ceart]

4. **SÍONCHAITHEAMH**


Taispeánann an fótagraf seo pábháil aolchloiche sa Bhoirinn, Co. an Chláir.

Is é a thugtar ar an ngné lipéadaithe **X** ná:

Clint ☐

Gríog ☐

Súmaire ☐




[cuir tic ✓sa bhosca ceart]

**5. OLLGHLUAISEACHT**



An cineál ollghluaiseachta a thaispeántar san fhótagraf thuas ná:

- Brúchtadh portaigh ☐
- Ithirthéaltú ☐
- Sciorradh talún ☐
- Maidhm shneachta ☐

[cuir tic ✓sa bhosca ceart]

**6. GNÉITHE ABHANN**


Cé acu ceann de na gnéithe abhann seo a chruthaítear mar thoradh ar an **gcreimeadh**?

- Deilt ☐
- Eas ☐
- Leibhé ☐

[cuir tic ✓sa bhosca ceart]

**7. FREAGAIR 7A NÓ 7B**

**7A. PRÓISIS CHÓSTA**




Taispeánann an léaráid thuas conas mar a iompraítear ábhar le taobh an chladaigh.

Is é a thugtar ar an bpróiseas seo ná:

Creimeadh ☐

Síobadh feadh cladaigh ☐

Fuaidreán ☐

[cuir tic ✓sa bhosca ceart]

**NÓ**

**7B. OIGHRIÚCHÁN**

Nuair a tháinig deireadh leis an Oighearaois, d'ardaigh leibhéal na farraige mar thoradh ar an leá-uisce, rud a líon na U-ghleannta.

Is é a thugtar ar an ngné san fhótagraf seo ná:



Fiord ☐

Ria ☐


Coire ☐

[cuir tic ✓sa bhosca ceart]

**8.** **FREAGAIR 8A NÓ 8B**

**8A.** **AIMSIR**

Féach go cúramach ar an léaráid seo de fhrontaí aimsire.




Taispeánann sí:

Fronta Te ag **X** agus Fronta Fuar ag **Y**. ☐

Fronta Fuar ag **X** agus Fronta Te ag **Y**. ☐

[cuir tic ✓sa bhosca ceart]

**NÓ**

**8B.** **STÁISIÚN AIMSIRE**

Tomhaiseann an gléas aimsire a thaispeántar san fhótagraf seo luas na gaoithe.



Is é a thugtar air ná:

Eite Ghaoithe ☐

Taifeadán Campbell Stokes ☐


Ainéimiméadar ☐

Scáthlán Stevenson ☐

[cuir tic ✓sa bhosca ceart]

## 9. FREAGAIR 9A NÓ 9B

### 9A. NAISC CHUMARSÁIDE




Dá dtaistealófá in eitleán ó Aerfort Chiarraí go hAerfort Bhaile Átha Cliath, cén **treo** ina mbeifeá ag taisteal?

Ón Oir-Thuaisceart go dtí an tIar-Dheisceart ☐

Ón Oir-Dheisceart go dtí an tIar-Thuaisceart. ☐

Ón Iar-Dheisceart go dtí an tOir-Thuaisceart ☐

Ón Deisceart go dtí an Tuaisceart ☐

[cuir tic ✓sa bhosca ceart]

**NÓ**

### 9B. FAD AR LÉARSCÁIL

Féach ar an léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis a thugtar leis an bpáipéar seo.

An fad i gciliméadair, i líne dhíreach (‘mar a eitleodh éan’) ón gCarrchlós ag **V 453 996** go dtí an trá ag **V 480 989** ná:

2.8 ciliméadar ☐

5.6 ciliméadar ☐

11.2 ciliméadar ☐

[cuir tic ✓sa bhosca ceart]


## 10. FREAGAIR 10A NÓ 10B

### 10A. STAIDÉAR AR DHAONRA

Taispeánann an phirimid seo struchtúr daonra baile in Éirinn i móráireamh 2006.

Cad é an céatadán de **bhaineannaigh** idir 5 agus 9 mbliana d'aois?

| | |
|---|---|
| 3% | ☐ |
| 4% | ☐ |
| 5% | ☐ |





*Curtha in oiriúint ó Staidreamh Daonra i gCeantair Bheaga ón bPríomh-Oifig Staidrimh*

[cuir tic ✓sa bhosca ceart]

**NÓ**

### 10B. DAOINE AG GLUAISEACHT





Féach ar na fótagraif thuas. Cé acu ceann de na tosca seo is dóichí a thiomáinfeadh daoine chun ceantar a fhágáil (Toisc Bhrú)?

| | |
|---|---|
| Saoráidí maithe caitheamh aimsire | ☐ |
| Deiseanna oibre | ☐ |
| Drochdhálaí maireachtála | ☐ |
| Tithíocht níos fearr | ☐ |

[cuir tic ✓sa bhosca ceart]

## 11. GRIANFHUINNEAMH GO DTÍ AN DOMHAN




Scrúdaigh an léaráid thuas a thaispeánann téamh éagothrom thar dhromchla an domhain ag an ngrian.

Cé acu ceann de na ráitis a leanas atá **FÍOR**?

Is ag **X** sa leathsféar thuaidh is mó a bhíonn teas na gréine. ☐

Is ag **Y** ar an meánchiorcal is mó a bhíonn teas na gréine. ☐

[cuir tic ✓sa bhosca ceart]

## 12. FÁSRA NÁDÚRTHA

Cén réigiún /ceantar aeráide ina mbeifeá ag súil leis go bhfaighfí an cineál fásra a thaispeántar san fhótagraf?

An Mheánmhuir ☐

Fásach Te ☐

Tundra ☐

Measartha Fionnuar Aigéanach ☐



[cuir tic ✓sa bhosca ceart]

## 13. GNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA



Monarcha



Rige Gáis




Gárdaí

Cé acu ceann de na gníomhaíochtaí a thaispeántar sna fótagraif seo ar gníomhaíocht phríomhúil í?

| | |
|---|---|
| Monarcha | ☐ |
| Rige Gáis | ☐ |
| Na Gardaí | ☐ |

[cuir tic ✓sa bhosca ceart]


## 14. SUÍMH AR LÉARSCÁIL SRÁIDE




Féach ar an léarscáil sráide de lár chathair na Gaillimhe thuas agus ansin ciorclaigh an freagra ceart i **ngach** ceann de na ráitis thíos.

- Sampla de shaoráid caitheamh aimsire in iarthuaisceart an limistéir a thaispeántar ná ***Páirc Uí Chinnéide (Kennedy Park) / an Fhaiche Spóirt (Sports ground)***.
- Tá an Duga Trádála (Commercial Dock) agus Duga Dhún Aonghasa (Dun Aengus Dock) in ***oirthuaisceart / oirdheisceart*** an limistéir a thaispeántar.
- In oirthear an limistéir a thaispeántar is sampla de shaoráid iompair é ***Stáisiún Cheannt (Ceannt Station) / abhainn na Coiribe (River Corrib)***.

## 15. STAITISTICÍ TURASÓIREACHTA




Taispeánann an chairt seo gníomhaíochtaí ar ghlac turasóirí páirt iontu le linn na tréimhse a chaith siad i mBaile Uí Chuinn.

Cé acu ceann de na ráitis a leanas atá **FÍOR**?

Turais ar thránna 53%, turais ar pháirceanna náisiúnta 38% ☐

Turais ar bhaile beag cultúir 53%, turais ar pháirceanna náisiúnta 19% ☐

Turais ar thránna 82%, turais ar bhaile beag cultúir 53% ☐

[cuir tic ✓sa bhosca ceart]

## 16. AERFÓTAGRAF

Scrúdaigh an t-aerfótagraf den Daingean a thugtar.

Tá an pháirc imeartha suite:

Sa tulra ar clé ☐


Sa chúlra ar dheis ☐

Sa tulra ar dheis ☐

[cuir tic ✓sa bhosca ceart]

**17. GRÉASÁIN LONNAÍOCHTA**

An cineál gréasáin lonnaíochta a thaispeántar sa phictiúir ná:



Scaipthe ☐

Cnuasta ☐

Stairiúil ☐

[cuir tic ✓sa bhosca ceart]

**18. TAGAIRTÍ EANGAÍ**

Féach ar an léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis a thugtar leis an bpáipéar seo.

An tseirbhís atá ar fáil ag tagairt eangaí **Q 446 014** ná:

Stáisiún Gardaí ☐

Stáisiún Dóiteáin ☐

Oifig Poist ☐

Ionad Eolais Turasóireachta ☐

[cuir tic ✓sa bhosca ceart]

## 19. TAGAIRTÍ EANGAÍ

Féach ar an léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis a thugtar leis an bpáipéar seo.

Cad í an tagairt eangaí don Bhrú Óige atá thoir theas ón Daingean?

V 52 99 ☐


Q 46 00 ☐

Q 51 05 ☐

Q 47 00 ☐

[cuir tic ✓sa bhosca ceart]

## 20. NEAMHIONANNAS DOMHANDA




Is é an dearcadh coitianta ná go bhfuil an domhain roinnte idir 'an Tuaisceart saibhir' agus 'an Dheisceart bocht'.

Sa Deisceart:

Is beag airgead atá ag na bainc ar na tíortha ☐

Tá an daonra ag dul i laghad ☐

Oibríonn an chuid is mó de na daoine in oifigí agus i siopaí ☐

Faigheann mórán leanaí óga bás den ocras agus de ghalair ☐

[cuir tic ✓sa bhosca ceart]

# Leathanach Bán

**Leathanach Bán**

# Leathanach Bán